## 1. Agallamh do phost páirtaimseartha

***(a) Éist leis an agallamh agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Is é Séamas leasbhainisteoir na sólainne. ☐
2. Tá Pól ag gabháil do thrí ábhar Ardleibhéil. ☐
3. Níl cáilíochtaí gartharrthála ag Pól. ☐
4. Níl dúil ag Pól sa Chorpoiliúint. ☐
5. Is ball é Pól de chumann snámha na scoile. ☐
6. Bíonn sé ag snámh gach maidin. ☐
7. Is duine dícheallach é Pól. ☐
8. Deir sé go bhfuil sé ionraic. ☐
9. Níl taithí dá laghad ag Pól ar an chineál seo oibre. ☐
10. Obair ghlantacháin amháin atá sa phost seo. ☐

**[10]**

## 2. Comhrá idir beirt scoláirí

***(a) Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F ☐ Má tá an ráiteas fíor.

B ☐ Má tá an ráiteas bréagach.

? ☐ Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Ní dhéanfaidh Máirtín ach trí AS-leibhéal. ☐
2. Tá sé ar intinn aige an Mhatamaitic a sheachaint. ☐
3. Níl suim dá laghad aige san Fhisic. ☐
4. Rinne sé staidéar ar an tSocheolaíocht anuraidh. ☐
5. Rachaidh sé chun na Gaeltachta ar an bhliain seo chugainn. ☐
6. Tá spéis aige i litríocht na Gaeilge. ☐
7. Tá Síle tugtha do na teangacha. ☐
8. Ba mhaith léi dul ar ollscoil. ☐
9. Tá féith an cheoil inti. ☐
10. Ní bheidh mórán ama saor acu ar an chlár ama. ☐

**[10]**

## 3. Ceist an lá scoile

***(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Deirtear go n-éiríonn na hÉireannaigh go luath. ☐
2. Ní hionann clár ama na Mór-roinne agus clár ama na hÉireann. ☐
3. Cuireann scoláirí na coigríche tús leis an lá scoile ar 7.30 r.n. ☐
4. Críochnaíonn scoláirí na Mór-roinne ar a dó dhéag ar maidin. ☐
5. Reáchtáiltear imeachtaí eile san am breise. ☐
6. Tá na síceolithe uile i bhfách le córas na hEorpa. ☐
7. Ní fhóirfeadh clár ama na coigríche do thuismitheoirí a bhíonn ag obai ☐
8. Chothódh druidim luath na scoileanna fadhbanna sóisialta. ☐
9. Bainfear triail as cleachtas na Mór-roinne ar an bhliain seo chugainn. ☐
10. Deir síceolaithe eile gurbh fhearr tosú go luath. ☐

**[10]**

## 4. Easpa smachta sna seomraí ranga

***(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Ní mó ná sásta atá cuid mhaith múinteoirí. ☐
2. Bhí urlabhraí an Chumainn ag labhairt i Meánscoil. ☐
3. Tá a lán cuidithe ag na múinteoirí. ☐
4. Ionsaíodh breis agus scór múinteoir taobh istigh de sheachtain. ☐
5. Tá múinteoirí áirithe ag fágáil a ngairme. ☐
6. Is é leasuachtarán an Chumainn é Seán Ó hUiginn. ☐
7. Ní thugann tuismitheoirí tacaíocht do na múinteoirí. ☐
8. D'fhill na gasúir a d'ionsaigh an múinteoir ar scoil i ndiaidh coicíse. ☐
9. Chuir sé seo isteach go mór ar Sheán Ó hUiginn. ☐
10. Tá an fhadhb níos measa anseo ná mar atá i Meiriceá. ☐

**[10]**

## 5. Feiniméan na máistíneachta

***(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F Má tá an ráiteas fíor.

B Má tá an ráiteas bréagach.

? Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tosaíonn feiniméan na maistíneachta ar scoil. ☐
2. Tá baint ag an mhaistíneacht le foréigean. ☐
3. Ní maith leis an mhaistín aird a tharraingt air féin. ☐
4. Síleann an maistín gur duine mór le rá é. ☐
5. Imríonn na maistíní dea-thionchar ar dhaoine eile. ☐
6. Níl fadhb na maistíneachta forleathan. ☐
7. Cuireann an mhaistíneacht as go mór don fhulangaí. ☐
8. Is measa i bhfad buachaillí ná cailíní. ☐
9. Bíonn drochthorthaí ar an mhaistíneacht. ☐
10. Moltar d'fhulangaithe maistíneachta an fhadhb a choinneáil faoi rún. ☐

**[10]**

## 6. Scoil Phádraig

***(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Bunaíodh an scoil corradh le dhá scór bliain ó shin. ☐
2. Bhí an scoil fóirsteanach do níos lú ná céad scoláire san am sin. ☐
3. Is múinteoir scoile é Fearghal Mac Críosta. ☐
4. Freastalaíonn níos mó ná céad scoláire ar an scoil faoi láthair. ☐
5. Tá easpa seomraí ranga san fhoirgneamh. ☐
6. Tá áiseanna den chéad scoth ar fáil sa scoil. ☐
7. Baineadh geit as as Aire nuair a chonaic sé an scoil. ☐
8. Shínigh deich míle duine an achainí. ☐
9. Is scoil mheasctha í. ☐
10. Gheobhaidh an scoil foirgneamh úr gan amhras. ☐

**[10]**